An Tionscal Iascaireachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta sa tionscal iascaireachta. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *fish quotas*
- *Migrants Rights Centre*
- *exploitation*
- *based on scientific recommendations*
- *cuts*
- *white fish*
- *by one third*
- *loss*
- *in danger*
- *in which they allege*
- *under €3*
- *work conditions*



Anois, meaitseáil ainmneacha na n-iasc i mBéarla leis na leaganacha Gaeilge.

haddock	scadán
whiting	cadóg
herring	colmóir
monkfish	faoitín
hake	bráthair

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den ainmfhocal atá idir lúibíní thíos.

- ar chuótaí éisc (an bhliain) _____
- Ionad Chearta (na hImircigh) _____
- Airí Iascaireachta (an Eoraip) _____
- ionadaithe (na hiascairí) _____
- cuóta (an chadóg) _____
- de chuóta (an faoitín) _____
- de chuóta (an scadán) _____
- ar chuóta (an bráthair) _____

Féach ar an mír den dara huair chun na freagraí a sheiceáil.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé a bhí sa Bhruiséil inniu agus cén fáth a raibh said ann?

2. Cén fáth a bhfuil iascairí agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, imníoch faoi na ciorruithe atá molta?

3. Cad a bhí sa tuarascáil a d'fhoilsigh Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn?

Ceist 4 '…ar an **m**bord ag an **g**Coimisiún…'

Is é an tuiseal tabharthach (an córas lárnach) atá i gceist leis na samplaí thuas. Freagair na ceisteanna thíos.

A. Cuir an t-alt uatha leis na réamhfhocail shimplí thíos. Bí cúramach, áfach: déanfar cumasc idir cuid acu agus an t-alt, agus tagann athrú ar chuid eile acu roimh an alt!

ag, *ar*, *as*, *chuig*, *de*, *do*, *faoi*, *le*, *ó*, *roimh*, *trí*

B. Anois, bain úsáid as na hainmfhocail seo chun na rialacha a bhaineann leis an tuiseal tabharthach sa chóras lárnach a léiriú. Tabhair samplaí eile chun cuidiú leat.

- bád
- teach
- droichead
- sráid
- seomra
- áit
- aonach

Ceist 5 '…ciorrú..'

Féach ar na leaganacha difriúla den ainmfhocal 'ciorrú'. Lean an patrún céanna chun na bearnaí a líonadh. Ná déan dearmad den riail 'leathan le leathan agus caol le caol'.

an ciorrú
damáiste an chiorraithe
na ciorruithe
méid na gciorruithe

an scrúdú
fad _____
na _____
tábhacht _____

an síniú
tábhacht _____
na _____
ag bailiú _____

an cruinniú
am _____
na _____
dátaí _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An maith leat iasc a ithe? Cén fáth?

2. Cén fáth a ndéantar dúshaothrú ar imircigh, dar leat?

3. Cén réiteach atá ar ró-iascaireacht in uiscí na hÉireann, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis dóibh féachaint ar an mír uair amháin.
- *fish quotas* – cuótaí éisc
- *Migrants Rights Centre* – Ionad Chearta na nImirceach
- *exploitation* – dúshaothrú
- *based on scientific suggestions* – bunaithe ar mholtaí eolaíochta
- *cuts* – ciorruithe
- *white fish* – iasc geal
- *by one third* – faoi aon trian
- *loss* – cailliúint
- *in danger* – i mbaol
- *in which they allege* – ina líomhnaíonn siad
- *under €3* – faoi bhun trí euro
- *work conditions* – coinníollacha oibre

haddock	→	cadóg
whiting	→	faoitín
herring	→	scadán
monkfish	→	bráthair
hake	→	colmóir

Ceist 2

ar chuótaí éisc (an bhliain)	*na bliana*
Ionad Chearta (na hImircigh)	*na nImirceach*
Airí Iascaireachta (an Eoraip)	*na hEorpa*
ionadaithe (na hiascairí)	*na n-iascairí*
cuóta (an chadóg)	*na cadóige*
de chuóta (an faoitín)	*an fhaoitín*
de chuóta (an scadán)	*an scadáin*
ar chuóta (an bráthair)	*an bhráthar*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A.
ag an, ar an, as an, chuig an, den, don, faoin, leis an, ón, roimh an agus tríd an
B.
- Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús consan (seachas *d*, *t* agus *s*) tar éis *den*, *don*: *den bhád, don bhád*
- Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail dar tús *t* agus *d*: *den droichead, don teach, ag an teach, ar an droichead*
- Cuirtear *t* roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús *s*, seachas i gcás *sc-, sf-, sm-, sp-, st-* nó *sv*: *den tsráid, ar an tsráid*
- Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús s: *den seomra, as an seomra*
- Ní thagann aon athrú ar ainmfhocail a thosaíonn le guta: *den áit, leis an aonach*

Ceist 5
an scrúdú
fad *an scrúdaithe*
na *scrúduithe*
tábhacht *na scrúduithe*

an síniú
tábhacht *an tsínithe*
na *sínithe*
ag bailiú *na sínithe*

an cruinniú
am *an chruinnithe*
na *cruinnithe*
dátaí *na gcruinnithe*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá tús curtha sa mBruiséil[1] leis an idirbheartaíocht ar chuótaí éisc na bliana seo chugainn. Inniu, freisin, rinne Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn líomhaintí go bhfuil dúshaothrú á dhéanamh ar roinnt iascairí ó thíortha thar lear atá ag obair sa tionscal sa tír seo.

Tomás Ó Mainnín
Go luath maidin inniu a bhailigh Airí Iascaireachta na hEorpa le chéile sa Bhruiséil chun tús a chur leis na cainteanna chun cuótaí éisc na bliana seo chugainn a shocrú. Roimis[2] na cainteanna, tá moltaí curtha ar an mbord ag an gCoimisiún, bunaithe ar mholtaí eolaíochta agus ar shláinte na stoc sna limistéir farraige dhifriúla[3].

Tá an-imní léirithe ag ionadaithe na n-iascairí agus ag an Aire Mara, Michael Creed, faoi na ciorruithe atá molta don tír[4] seo ag an gCoimisiún ar chuótaí iasc geal. Tá sé molta cuóta na cadóige a ghearradh faoi aon trian, 60% a ghearradh de chuóta an fhaoitín agus 62% de chuóta an scadáin. Tá laghdú molta chomh maith ar chuóta an bhráthar agus ar na colmóirí.

Deir ionadaithe na n-iascairí gur cailliúint luach cúig mhilliún euro atá i moltaí an Choimisiúin, agus go mbeidh na céadta post[5] ar muir agus ar tír i mbaol má chuirtear i bhfeidhm iad mar atá molta. Agus na cainteanna maidir leosan ag tosú sa Bhruiséil, i mBaile Átha Cliath inniu d'fhoilsigh Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn tuarascáil ina líomhnaíonn siad go bhfuil mí-úsáid á déanamh[6] ar roinnt oibrithe ó [thíortha] thar lear sa tionscal in Éirinn. Ina dtuarascáil, atá bunaithe, a deir siad, ar agallaimh le tríocha iascaire, deir siad go bhfuil oibrithe ag oibriú ar phá faoi bhun trí euro san uair an chloig. Deir na hiascairí, chomh maith, go raibh orthu oibriú os cionn céad uair an chloig sa tseachtain. Tá moltaí déanta acu go gcuirfí rialacha i bhfeidhm a chuirfeadh chun cinn cearta agus coinníollacha oibre agus pá san earnáil. Deir siad gur cheart an fhreagracht[7] a thabhairt d'aon údarás amháin chun deimhin a dhéanamh go bhfuil na rialacha sin á gcur i bhfeidhm.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *roimh* an leagan caighdeánach
[3] *sna limistéirí farraige difriúla* a dúradh
[4] *don dtír* a dúradh
[5] *postanna* a dúradh
[6] *á dhéanamh* a dúradh
[7] *an freagracht* a dúradh